Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Corporate Enforcement Authority

NÓTA FAISNÉISE 2026/1

TREOIR MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT LEICTREONACH I gCRUINNITHE GINEARÁLTA



1. Réamhrá

Sa Nóta Faisnéise seo, tugtar treoir phraiticiúil do chuideachtaí agus dá gcuid stiúrthóirí agus comhaltaí maidir le cruinnithe ginearálta fíorúla a sheoladh go dleathach agus go héifeachtach faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ("**Acht 2014**"). Áirítear leis sin leasuithe a tugadh isteach le hAcht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), 2024 ("**Acht 2024**"). Mínítear ann an bunús reachtúil buan le haghaidh cruinnithe hibrideacha agus fíorúla, soiléirítear oibleagáidí, agus tarraingítear aird ar dhea-chleachtais, go háirithe maidir le rannpháirtíocht ionchuimsitheach a chinntiú do chomhaltaí nach bhfuil chomh hinniúil céanna ó thaobh na teicneolaíochta digití de.

Tionólann cuideachtaí cruinnithe foirmiúla chun breitheanna tábhachtacha a thabhairt. Is gnách gur de dhá chineál a bhíonn na cruinnithe sin : -

i. **Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)** - Is cruinniú é seo a gceanglaítear ar chuideachta é a thionól gach bliain, mar a leagtar amach in alt 175 d'Acht 2014.
ii. **Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU)** - Is é atá anseo ná aon chruinniú ginearálta seachas an Cruinniú Ginearálta Bliantúil, mar a leagtar amach in alt 177 d'Acht 2014. Tionóltar Cruinnithe Ginearálta Urghnácha nuair a thagann ní tábhachtach chun cinn nach féidir leis fanacht go dtí an chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil eile.

I ngach cruinniú, ní mór deis réasúnach a thabhairt do chomhaltaí páirt a ghlacadh.

Sa lá atá inniu ann, féadfaidh cuideachtaí na cruinnithe sin a thionól ar bhealaí éagsúla. Seachas cásanna ina bhfuil gach comhalta i láthair go pearsanta ag an gcruinniú, is iad cruinnithe hibrideacha agus cruinnithe fíorúla an dá fhormáid eile. Go ginearálta, cuirtear cruinniú hibrideach ar siúl go pearsanta in ionad fisiciúil agus ar líne. Tá an fhormáid sin úsáideach go háirithe dóibh siúd ar fearr leo freastal go pearsanta nó nach bhfuil chomh compordach céanna agus iad ag baint úsáid as teicneolaíocht ar líne. Cuirtear cruinniú fíorúil ar siúl go hiomlán ar líne trí ardán ar líne, gan aon suíomh cruinnithe fisiciúil a bheith ann. Mar a mhínítear sa doiciméad seo, cuirtear ar chumas na gcomhaltaí leis an dá fhormáid an méid atá ag tarlú le linn seisiún chruinnithe a fheiceáil agus a chloisteáil, ceisteanna a chur, agus vótáil. Is í an phríomhdhifríocht ná go bhfuil rogha thraidisiúnta um fhreastal orthu go pearsanta agus rogha um fhreastal orthu ar líne ag gabháil le cruinnithe hibrideacha.

Is é aidhm an Nóta seo tacú le cuideachtaí na ceanglais rialachais a chomhlíonadh agus trédhearcacht, cothroime agus éascaíocht tuisceana á gcur chun cinn acu maidir leis an dóigh ar cheart cruinnithe a sheoladh.

2. Comhthéacs agus Nuashonruithe Reachtacha

Le linn thréimhse Covid-19, ceadaíodh le bearta éigeandála do chuideachtaí cruinnithe fíorúla a thionól, fiú amháin ag sárú forálacha bunreachtúla de chuid na gcuideachtaí féin nár ceadaíodh socruithe den sórt sin leo. Achtaíodh na bearta in Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020 ("**Acht Covid**"). Fadaíodh na bearta eatramhacha sin le hOrdú ón Aire ó am go chéile ach rinneadh an tsolúbthacht a bhí ag gabháil leo a chur ar bhonn buan trí Acht 2024 a achtú agus a thosú.

Ón 3 Nollaig 2024 ar aghaidh, le cur isteach **alt 176A (rannpháirtíocht i gcruinnithe ginearálta trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid)**, ceadaítear go foirmiúil do chuideachtaí – mura gcuirtear toirmeasc sainráite orthu lena mbunreacht – a roghnú cruinnithe ginearálta a sheoladh go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna cianda cumarsáide, gan ionad fisiciúil ainmnithe a bheith ag teastáil.

Le leasuithe gaolmhara ar **alt 176 (an suíomh agus na modhanna chun cruinnithe ginearálta a thionól)**, ar **alt 181 (fógra faoi chruinnithe ginearálta)**, agus ar **alt 187 (imeachtaí ag cruinnithe)**, éascaítear úsáid ardán ar líne tuilleadh agus leagtar síos caighdeáin maidir le fógra, le rochtain, le vótáil, agus le nósanna imeachta um chruinnithe cuideachta. Le tosú na bhforálacha sin, léirítear aistriú níos leithne chuig an rialachas corparáideach a nuachóiriú, agus cuideachtaí á gcumasú chun oiriúnú do dhul chun cinn na teicneolaíochta.

3. Dúshláin a Breathnaíodh le linn Covid-19 agus Rioscaí Leanúnacha

Cé gur cuireadh feabhas ar sholúbthacht agus gur leathnaíodh rannpháirtíocht na gcomhaltaí leis an aistriú chuig rannpháirtíocht leictreonach, tugadh raon castachtaí praiticiúla agus dlíthiúla isteach leis freisin.

Léirítear le léargais a baineadh as gearáin a fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("**an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**") le linn thréimhse Covid-19, agus as barúlacha a baineadh as an Tuarascáil Iar-Achtaithe[1] a ullmhaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Acht 2024 sa 12 mhí tar éis a achtacháin, dúshláin athfhillteacha ar fiú aird a thabhairt orthu. Sainaithníodh na dúshláin mar a leanas : -

- **Mainneachtain cruinnithe ginearálta bliantúla a thionól agus miontuairiscí a choimeád**
  Mhainnigh roinnt cuideachtaí cruinnithe ginearálta bliantúla a thionól laistigh den tréimhse ama reachtúil, a cheanglaítear faoi alt 175 d'Acht 2014, nó miontuairiscí ar chruinnithe ginearálta a choimeád de réir cheanglais alt 199, lena n-áirítear leabhair miontuairiscí a choimeád san fhoirm chuí mar a fhoráiltear faoi alt 213 d'Acht 2014. Ní raibh cur isteach a bhain le Covid-19 ina leithscéal ar na mainneachtainí sin, toisc gur ceadaíodh cruinnithe fíorúla go sainráite le linn dianghlasálacha agus chun ceanglais maidir le scaradh sóisialta a chomhlíonadh. D'ainneoin na ndúshlán gan fasach, bhí sé fós de cheangal ar chuideachtaí a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, agus bhí sé fós riachtanach go dtaifeadfaí go cruinn sna miontuairiscí na breitheanna a tugadh ag cruinnithe ginearálta. Tá an ceanglas sin chomh tábhachtach céanna sa lá atá inniu ann.

- **Mainneachtain rannpháirtíocht fíor-ama dhá threo a éascú**
  Bhí roinnt cuideachtaí ag brath ar láithreoireachtaí réamhthaifeadta nó ar fhormáidí srianta nár ceadaíodh do chomhaltaí leo ceisteanna a chur ná páirt a ghlacadh go díreach, rud a bhí contrártha don cheanglas reachtúil faoi alt 176A go mbeadh *deis réasúnach páirt a ghlacadh* ag gach duine den lucht freastail. Is é an caighdeán sin, i.e., *'deis réasúnach páirt a ghlacadh'*, an príomhchritéar nach mór do chuideachtaí a chomhlíonadh chun leanúint d'Acht 2014 a comhlíonadh agus a gcruinnithe á seoladh acu. I measc na gcásanna nach bhféadfaí an tairseach sin a chomhlíonadh iontu tá srian a chur le hidirghníomhaíocht fíor-ama agus le fad na seisiún Ceisteanna agus Freagraí beo le linn na gcruinnithe féin.

- **Nósanna imeachta easnamhacha um fhógra a thabhairt**
  Rinneadh fógraí lenar comóradh cruinnithe a eisiúint go déanach ó am go chéile. Ceanglaítear le halt 181(1)(a) d'Acht 2014 fógra 21 lá a thabhairt i gcás cruinniú ginearálta bliantúil nó cruinniú ginearálta urghnách ag a mbeidh rún speisialta le rith, agus sonraítear in alt 181(1)(b) go bhfuil aon chruinniú ginearálta urghnách eile le comóradh le fógra 7 lá ar a laghad. Má tá sé beartaithe cruinniú a thionól i bhformáid hibrideach nó fhíorúil, ní mór a mhíniú go soiléir san fhógra conas is féidir le comhaltaí páirt a ghlacadh sa chruinniú ar líne, mar shampla, an t-ardán atá á úsáid, na céimeanna chun rochtain a fháil air, conas a dhéanfaidh comhaltaí iad féin a chur in aithne, agus conas is féidir leo vótáil. Is sárú ar alt 181(5)(aa) d'Acht 2014 í mainneachtain an fhaisnéis sin a sholáthar. Cé nach gcuirtear na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail go huathoibríoch mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le fógra a thabhairt, is riosca comhlíonta é faisnéis atá iomlán nó cruinn a bheith in easnamh. Go háirithe, d'fhéadfadh cruinniú a bheith leochaileach i gcás go mbeidh sé d'éifeacht ag locht ábhartha san fhógra go gcuirfear comhaltaí ar míthreoir nó go mbainfear deis réasúnach páirt a ghlacadh díobh, nó i gcás go bhforálfar le bunreacht na cuideachta go gcuireann lochtanna den sórt sin na himeachtaí ó bhail. Foráiltear le halt 181(6) d'Acht 2014 freisin nach gcuirfear na himeachtaí ó bhail má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra, nó nach bhfaighfear fógra, ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt le bunreacht na cuideachta.

- **Mírialtachtaí vótála**
  I gcásanna áirithe, seoladh an vótáil lasmuigh de thréimhse ama an chruinnithe, nó cuireadh rialacha vótála éagsúla i bhfeidhm in ionad na rialacha a cheadaítear le bunreacht na cuideachta. I gcásanna eile, tharla an vótáil gan sásraí chun treoracha na gcomhaltaí a fhíorú, rud as ar tháinig ábhair imní maidir le comhlíonadh faoi alt 187(9) d'Acht 2014. Cé go sonraítear in alt 187(1) d'Acht 2014 go bhfuil feidhm ag gach foráil den alt seo ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt le bunreacht na

[1] https://opac.oireachtas.ie/Data/Library3/Documents%20Laid/2025/pdf/DETEdoclaid121125_110657.pdf

cuideachta, níl aon fhorálacha reachtúla sainráite ann lena ndéantar rúin a chur ó bhail go huathoibríoch mar gheall ar mhírialtachtaí vótála.

- **Srianta neamhriachtanacha rochtana**
  Thug roinnt cuideachtaí córais ticéadaithe nó próisis shriantacha chlárúcháin isteach a raibh d'éifeacht acu rannpháirtíocht na gcomhaltaí a dhíspreagadh nó a theorannú. Mar shampla, rinneadh tagairt i ngearáin do nósanna imeachta lenar bhain córas ticéadaithe a thabhairt isteach a bheadh le húsáid i gcás go gcinnfeadh na stiúrthóirí teorainn a chur leis an líon comhaltaí a d'fhéadfadh freastal ar an gcruinniú ginearálta bliantúil go pearsanta. Is féidir leis an gcur chuige sin a bheith ina fhadhb má tharlaíonn sé, mar shampla, nach bhfuil comhalta ar mian leis nó léi ábhair imní a chur in iúl faoi rún speisialta beartaithe ábalta ticéad a fháil agus, dá bhrí sin, go gcuirtear cosc air nó uirthi freastal go pearsanta ar chruinniú hibrideach nó a chearta vótála nó a cearta vótála a fheidhmiú, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá theidlíochtaí reachtúla nó dá teidlíochtaí reachtúla faoi Acht 2014. Ba cheart do chuideachtaí a chinntiú nach dtabharfar isteach aon bhearta lena gcuirfear teorainn le cumas foriomlán na gcomhaltaí chun páirt a ghlacadh i gcruinniú ginearálta, bíodh sé sin go pearsanta nó go fíorúil.

- **Bacainní breise ar rannpháirtíocht éifeachtach**
  Thuairiscigh comhaltaí cuideachta nach raibh chomh hinniúil céanna ó thaobh na teicneolaíochta digití de go raibh deacrachtaí acu mar gheall nach raibh siad ábalta rannchuidiú le pléití, á lua gur chuir úsáid ardán digiteach teorainn lena gcumas chun páirt éifeachtach a ghlacadh. Ina theannta sin, bhí ábhair imní ann go bhféadfadh cuideachtaí mí-úsáid a bhaint as na hardáin sin chun rannchuidithe a chur ina dtost, mar shampla trí ionchuir fhíorúla a bhalbhú nó neamhaird a thabhairt orthu d'aon ghnó.

Leis na saincheisteanna sin, tarraingítear aird ar an ngá práinneach lena chinntiú nach gcuirfidh cuideachtaí aon chatagóir comhaltaí faoi mhíbhuntáiste de thaisme le linn cruinnithe ar líne, agus an oibleagáid uileghabhálach atá ar chomhaltaí deis réasúnach páirt a ghlacadh sa chruinniú a thabhairt dóibh á cur san áireamh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhaltaí cuideachta nach bhfuil chomh hinniúil céanna ó thaobh na teicneolaíochta de (rud a d'fhéadfadh a bheith níos follasaí má tá an chuideachta beag nó má sholáthraíonn sí seirbhísí ar leith), toisc go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó deacrachtaí acu dul i dtaithí ar chórais dhigiteacha, mar a léirítear leis na samplaí sin agus ar chúiseanna breise a leagtar amach níos faide anonn.

4. Achoimre ar na Forálacha Nuashonraithe

4.1 Alt 176 d'Acht 2014 - An suíomh agus na modhanna chun cruinnithe ginearálta a thionól

"(1) Faoi réir alt 176A agus fhorálacha an ailt seo, féadfar cruinniú ginearálta bliantúil de chuideachta nó cruinniú ginearálta urghnách di a thionól laistigh den Stát nó lasmuigh de.

(2) Má thionólann cuideachta a cruinniú ginearálta bliantúil nó aon chruinniú ginearálta urghnách lasmuigh den Stát, ansin, mura ndéanfaidh na comhaltaí go léir a bheidh i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú sin toiliú a thabhairt i scríbhinn lena thionól lasmuigh den Stát, beidh an méid seo a leanas de dhualgas ar an gcuideachta.

(3) Is é an dualgas sin foráil maidir le rannpháirtíocht in aon chruinniú den sórt sin trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid de réir alt 176A.

(4) Féadfar cruinniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thionól in 2 ionad nó níos mó (cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de) ag an aon am amháin trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid de réir alt 176A."

Deimhnítear le halt 176 leasaithe an méid seo a leanas : -

- féadfar cruinnithe ginearálta a thionól laistigh den Stát nó lasmuigh de.
- i gcás nach dtoilíonn na comhaltaí go léir le suíomh thar lear, ní mór don chuideachta rannpháirtíocht leictreonach a sholáthar de réir Alt 176A.
- féadfaidh cruinnithe tarlú ar fud ionaid iomadúla ag an aon am amháin trí úsáid a bhaint as modhanna cianda cumarsáide.

4.2 Alt 176A d'Acht 2014 - Rannpháirtíocht i gcruinnithe ginearálta trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid

"(1) Ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt le bunreacht na cuideachta, ní gá do chuideachta cruinniú ginearálta a thionól in ionad fisiciúil ach féadfaidh sí an cruinniú a sheoladh go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid ar choinníoll go mbeidh deis réasúnach páirt a ghlacadh sa chruinniú ag gach duine den lucht freastail de réir an ailt seo."

Is é alt 176A an chroífhoráil lena gcumasaítear cruinnithe fíorúla agus hibrideacha. Is foráil roghnach í lena dtugtar an tsolúbthacht do chuideachtaí gan cruinniú ginearálta a thionól in ionad fisiciúil agus, ina ionad sin, cruinnithe a sheoladh go hiomlán ar líne nó i bhformáid hibrideach. Foráiltear léi freisin nach mór *deis réasúnach páirt a ghlacadh* a thabhairt do gach duine den lucht freastail le rannpháirtíocht leictreonach.

176A(2)

Ní mór do chuideachtaí a thionólann cruinnithe ginearálta trí mhodhanna cianda: -

- teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a sholáthar nó a éascú lena gcuirtear ar chumas na gcomhaltaí páirt a ghlacadh.
- a chinntiú gur féidir le comhaltaí a úsáideann an teicneolaíocht sin vóta a chaitheamh go cianda, gan aon ghá a bheith acu le bheith i láthair go fisiciúil nó le bheith faoi ionadaíocht trí sheachvótálaí.

176A(3)

Ní fhéadfaidh an chuideachta aon cheanglais ná aon srianta maidir le húsáid uirlisí ar líne a fhorchur ach amháin más rud é : -

- go bhfuil gá leo chun céannacht na ndaoine den lucht freastail a dheimhniú.
- go bhfuil gá leo chun slándáil na teicneolaíochta a chosaint.
- go bhfuil siad comhréireach leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

176A(4)

Ní mór na daoine den lucht freastail a chur ar an eolas roimh an gcruinniú faoi aon cheanglais nó aon srianta den sórt sin.

176A(5)

Leagtar amach san fhoráil seo oibleagáidí na cuideachta agus rannpháirtíocht i gcruinnithe á cumasú trí mhodhanna cianda, a thabharfar ar bhealach níos mine thíos.

176A(6)

Ní chuireann aon chur isteach teicniúil sealadach an cruinniú ó bhail.

176A(7)

Féadfaidh an Cathaoirleach an cruinniú a chur ar atráth i gcás go gcuirfidh cliseadh/cur isteach ar theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí isteach go mór ar imeachtaí an chruinnithe nó ar rannpháirtíocht na ndaoine den lucht freastail ina hiomláine agus nach féidir é a leigheas.

176A(8)

Níl cuideachtaí freagrach as clistí ar threalamh na gcomhaltaí mura rud é gur mí-iompar na cuideachta ba chúis leo.

176A(9)

Féadfaidh an tAire rialacha breise a thabhairt isteach maidir le gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas : -

"(a) na cruinnithe a chomóradh agus a sheoladh;

(b) freastal ar na cruinnithe;

(c) rochtain ar na cruinnithe agus rannpháirtíocht iontu, lena n-áirítear vótáil."

176A(10)

Meastar na daoine den lucht freastal atá i láthair go leictreonach a bheith "i láthair" chun gach críche.

176A(11)

Mínítear ann príomhthéarmaí amhail ***'duine den lucht freastail',*** a chiallaíonn : -

"(a) comhalta den chuideachta,

(b) seachvótálaí do chomhalta den chuideachta,

(c) duine údaraithe a dhéanann ionadaíocht do chomhlacht corpraithe faoi alt 185,

(d) iniúchóir reachtúil, nó

(e) duine atá i dteideal freastal ar an gcruinniú de bhua forálacha i mbunreacht na cuideachta nó i dtéarmaí eisiúna na n-urrús fiachais arna n-eisiúint ag an gcuideachta;"

Cruinniú ginearálta, a chiallaíonn chun na gcríoch seo : -

"(a) cruinniú ginearálta bliantúil de chuid na cuideachta,

(b) cruinniú ginearálta urghnách de chuid na cuideachta, nó

(c) cruinniú ginearálta de shealbhóirí scaireanna sa chuideachta d'aicme áirithe, agus áirítear leis cruinniú dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) a cuireadh ar atráth."

Agus ***teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí***, is amhlaidh *"i ndáil le cruinniú ginearálta de chuid cuideachta, a chiallaíonn teicneolaíocht lena gcumasaítear tarchur fíor-ama agus cumarsáid closamhairc nó fuaime fíor-ama dhá threo lena gcuirtear ar chumas na ndaoine den lucht freastail páirt a ghlacadh sa chruinniú trí theicneolaíocht den sórt sin a úsáid."*

Chun amhras a sheachaint, tagraítear le '**teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí**' do chórais nó uirlisí lena gcumasaítear an cruinniú a chur ar siúl go cianda, á chinntiú fós gur féidir leis na rannpháirtithe páirt iomlán a ghlacadh ann i bhfíor-am. Ciallaíonn sé sin : -

- nach mór **craoladh beo** an chruinnithe agus é ag tarlú a cheadú leis an teicneolaíocht.
- nach mór tacú le **cumarsáid dhá threo** leis an teicneolaíocht, ionas gur féidir leis na daoine den lucht freastail an méid atá á rá a chloisteáil (nó a fheiceáil agus a chloisteáil) agus freagra a thabhairt le linn an chruinnithe.
- gur féidir leis an gcumarsáid a bheith ina cumarsáid **closamhairc** (físeán agus fuaim) nó ina cumarsáid **fuaime amháin**, ar choinníoll go gcuirtear ar chumas na rannpháirtithe léi páirt ghníomhach a ghlacadh.

I dtéarmaí simplí, cumhdaítear léi ardáin amhail córais físchomhdhála nó teileachomhdhála lena gcuirtear ar chumas na gcomhaltaí freastal ar an gcruinniú agus idirghníomhú ann gan a bheith i láthair go fisiciúil.

4.3 Alt 181(5)(aa) agus (7) d'Acht 2014 - Fógra faoi Chruinnithe Ginearálta

Cuimsítear leis an bhforáil leasaithe úsáid modhanna cianda cruinnithe agus mínítear leis cad is **ardán leictreonach** ann, arb éard atá ann: -

"córas leictreonach le haghaidh teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a sholáthar, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, bogearraí rochtana agus mionsonraí teileafóin rochtana nó aon teicneolaíocht leictreonach eile lena soláthraítear an teicneolaíocht sin."

Ní mór an méid seo a leanas a bheith i bhfógraí le haghaidh cruinnithe hibrideacha nó fíorúla anois : -

- mionsonraí faoin ardán leictreonach a bheidh le húsáid.
- treoracha maidir le rochtain agus le deimhniú.
- ceanglais chéannachta/srianta céannachta do na daoine den lucht freastail.
- nósanna imeachta le haghaidh ceisteanna, barúlacha, agus vótaí a chur isteach.

4.4 Alt 187 d'Acht 2014 - Imeachtaí ag Cruinnithe

Soiléirítear leis an bhforáil leasaithe go bhfuil feidhm ag fo-ailt (2) go (8) mura bhforáiltear a mhalairt le bunreacht na cuideachta. Ina theannta sin, rinneadh fo-alt (7) a nuashonrú ionas go bhfeidhmeodh a rialacha maidir le rúin a chinneadh le taispeáint lámh faoi réir fho-alt nua (9).

Le fo-alt (9), déileáiltear go sainráite anois le cruinnithe ginearálta fíorúla agus hibrideacha, agus luaitear ann nach bhféadfar rún a chinneadh le taispeáint lámh i gcás go n-úsáidfear teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí mura deimhin leis an gCathaoirleach gur féidir leis nó léi céannacht na vótálaithe agus a dtreoracha vótála araon a fhíorú.

5. Cearta agus Oibleagáidí

5.1 I gcás Cuideachtaí

Mar a luadh roimhe seo, nuair a fhorálann cuideachta maidir le rannpháirtíocht i gcruinniú ginearálta trí mhodhanna cianda, ní mór an socrú sin a cheadú go sainráite lena bunreacht agus ba cheart tacú le vótáil leictreonach leis de réir alt 176A(2). Cinntítear leis sin go mbeidh úsáid aon teicneolaíochta den sórt sin údaraithe i gceart agus go mbeidh sí ailínithe le rialacha rialaithe na cuideachta.

De réir alt 176A(3), féadfaidh cuideachta ceanglais agus srianta a fhorchur is gá chun céannacht na ndaoine den lucht freastail agus slándáil na teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí a chinntiú; bheadh ar bhearta den sórt sin a bheith comhréireach, áfach.

Faoi alt 176A(4), ceanglaítear ar an gcuideachta na daoine den lucht freastail a chur ar an eolas roimh ré faoi aon cheanglais nó aon srianta atá curtha i bhfeidhm aici maidir le rannpháirtíocht leictreonach; cinntítear ullmhacht nuair a sholáthraítear é sin roimh ré. Leagtar na modhanna ar a bhféadfar fógraí a sheirbheáil amach in alt 218 d'Acht 2014, ina leagtar amach na bealaí incheadaithe a bhféadfaidh cuideachta fógraí reachtúla a sheachadadh go bailí ar chomhaltaí. Áirítear leo sin seachadadh díreach ar an gcomhalta, trína fhágáil ag seoladh cláraithe an chomhalta, trína chur leis an bpost, ar mhodhanna leictreonacha (i gcás go gceadófar é sin le bunreacht na cuideachta nó go dtoileoidh an comhalta leis), nó ar aon mhodh eile a bhforáiltear maidir leis go sainráite i mbunreacht na cuideachta. Dá bhrí sin, rialaítear le halt 218 na ceanglais fhoirmiúla maidir le fógraí a eisiúint, lena gcinntítear go seirbheálfar cumarsáidí amhail réamhfhaisnéis maidir le rannpháirtíocht leictreonach go cuí agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go cuí.

Mar a luadh cheana, leagtar amach in alt 176A(5) na príomhcheanglais maidir le rannpháirtíocht ar líne. Aon chuideachta a fhorálann maidir le teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid le haghaidh rannpháirtíocht i gcruinniú ginearálta, cinnteoidh sí, a mhéid is indéanta: -

- go soláthrófar leis an teicneolaíocht sin cumarsáid leictreonach shlán do na daoine den lucht freastail.
- go n-íoslaghdófar leis an teicneolaíocht sin an baol go ndéanfar sonraí a thruailliú agus go bhfaighfear rochtain neamhúdaraithe.
- go dtabharfar cinnteacht leis an teicneolaíocht sin maidir le foinse na gcumarsáidí leictreonacha.
- go ndéanfar an teicneolaíocht sin a leigheas i gcás aon chliseadh nó aon chur isteach a luaithe is féidir.
- go gcuirfear ar chumas na ndaoine den lucht freastail leis an teicneolaíocht sin an Cathaoirleach agus aon duine a chuireann an Cathaoirleach i láthair a chloisteáil.
- go gceadófar leis an teicneolaíocht sin do na daoine den lucht freastal labhairt, ceisteanna a chur, agus barúlacha a chur isteach le linn an chruinnithe, i gcás go mbeidh siad i dteideal déanamh amhlaidh faoi bhunreacht na cuideachta.

Ní leagtar amach in alt 176A aon rialacha sonracha maidir le mí-iompar, ach sonraítear go soiléir ann nach ceadmhach do chuideachtaí aon chleachtais a úsáid lena gcuirtear teorainn le deis réasúnach na gcomhaltaí páirt a ghlacadh i gcruinnithe ginearálta. Áirítear leis sin rochtain ar ardáin fhíorúla a bhacadh nó a shrianadh, cearta vótála do chomhaltaí ar líne a dhíchumasú, cosc a chur ar cheisteanna, teicneolaíocht neamhshlán nó neamhiontaofa a úsáid, mainneachtain fógra cuí agus treoracha soiléire maidir le dul isteach i gcruinnithe a thabhairt, nó cruinnithe a reáchtáil ar bhealach a gcuireann rannpháirtithe cianda faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leo siúd a fhreastalaíonn orthu go pearsanta.

5.2 I gcás Stiúrthóirí agus Comhaltaí

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór do stiúrthóirí cuideachta a chinntiú go gcomhlíontar forálacha iomchuí uile Acht 2014 a bhaineann le cruinnithe ginearálta a chomóradh agus a thionól.

Bíonn ag stiúrthóirí agus ag comhaltaí atá ag freastal go fíorúil an ceart céanna chun freastal, chun labhairt agus chun vóta a chaitheamh go leictreonach, agus an seasamh céanna acu, agus a bhíonn ag na daoine atá i láthair go fisiciúil. Ní mór dóibh fógra ceart a fháil faoin gcruinniú, lena n-áirítear mionsonraí soiléire rochtana, agus ní mór dóibh a bheith in ann ceisteanna a chur agus páirt a ghlacadh i bpléití gan a bheith faoi mhíbhuntáiste. Ag an am céanna, tá oibleagáid ar chomhaltaí córais leictreonacha a úsáid go freagrach agus cloí le nósanna imeachta na cuideachta ina rannpháirtíocht ar líne. Ní mór do stiúrthóirí a bheith ar an eolas i gcónaí faoi na castachtaí breise atá i gceist le cearta scairshealbhóirí a choimirciú agus le comhlíonadh iomlán a chinntiú agus rannpháirtíocht leictreonach á héascú.

6. Rannpháirtithe nach bhfuil Chomh hInniúil Céanna ó thaobh na Teicneolaíochta Digití de a Éascú

De bhreis ar na dúshláin a luadh cheana féin sa nóta seo, léirítear i bhfionnachtana taighde[2] go bhféadfadh cohóirt áirithe den daonra teacht ar bhacainní breise amhail : -

- feistí atá as dáta nó a bhfuil drochnascacht leathanbhanda acu.
- braistint ionchuimsithe atá níos lú ná rannpháirtithe eile, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhuinín an chomhalta as páirt a ghlacadh i gcruinniú fíorúil nó hibrideach nó do thoilteanas comhalta le déanamh amhlaidh.

Tá tionscnaimh náisiúnta, amhail na cláir scileanna digiteacha de chuid Aoisbhá Éireann[3] agus an scéim litearthachta digití *"Getting Started"* de chuid Ghníomhaíocht Aoise[4], ag féachaint leis an mbearna sin a dhúnadh. Mar sin féin, *cinnteoidh cuideachtaí, a mhéid is indéanta*, nach ndéanfar leis na socruithe maidir le rannpháirtíocht ar líne i gcruinnithe ginearálta rannpháirtithe nach bhfuil chomh hinniúil céanna ó thaobh na teicneolaíochta digití de a chur faoi mhíbhuntáiste agus a gcearta á bhfeidhmiú acu faoi alt 176A d'Acht 2014.

Moltar go *bhféadfadh* cuideachtaí bearta réasúnacha a dhéanamh chun tacú leis na comhaltaí cuideachta sin, lena n-áirítear : -

- nósanna imeachta simplí logála isteach agus rochtain shimplí a sholáthar.
- seisiúin oiliúna agus/nó treoracha céim ar chéim a chur ar fáil.
- úsáid a bhaint as ardáin atá éasca le húsáid agus a bhfuil gnéithe inrochtaineachta (téacs mór, fotheidil, tras-scríbhinní) acu agus a oibríonn go maith ar fheistí móibíleacha freisin.
- ritítástála a dhéanamh chun fadhbanna a shainaithint.
- a chinntiú go ndéanfaidh modhnóirí faireachán ar cheisteanna ar líne agus go gcuirfidh siad rannpháirtithe cianda san áireamh go gníomhach.
- uimhir fóin duine aonair a chomhroinnt ar féidir leis nó léi cabhrú le haon fhadhbanna roimh an gcruinniú, lena linn, agus ina dhiaidh a réiteach.
- ba cheart córais vótála leictreonaí a bheith simplí agus éasca le fíorú.
- miontuairiscí cruinne a scaipeadh go pras agus deis a éascú deimhniú leictreonach a thabhairt i gcás gur féidir.

Le cur chuige tacúil, cinntítear go gcuirfear feabhas ar rannpháirtíocht le linn cruinnithe hibrideacha agus fíorúla, in ionad grúpaí soghonta a eisiamh lena linn (bíodh sé go hintinneach nó ná bíodh).

7. Seicliosta Príomh-Mheabhrúchán

- ☐ A chinntiú go mbeidh na cearta céanna ag comhaltaí cibé acu an bhfreastalaíonn siad go pearsanta nó ar líne.
- ☐ Cúnamh breise a sholáthar do chomhaltaí nach bhfuil chomh hinniúil céanna ó thaobh na teicneolaíochta digití de má tá cuideachta ar an eolas go bhfuil gá le cúnamh den sórt sin chun deis réasúnach rannpháirtíochta a chinntiú.
- ☐ Ardáin shlána a úsáid a chomhlíonann na ceanglais faoi alt 176A(5).
- ☐ Fógraí a eisiúint i gcomhréir le halt 181, lena n-áirítear treoracha soiléire maidir le rochtain ar líne.
- ☐ Athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar bhunreacht na cuideachta agus rialacha cruinnithe a nuashonrú le haghaidh formáidí fíorúla nó hibrideacha.
- ☐ Más gá, smaoineamh ar infheistíocht a dhéanamh in ardáin atá éasca le húsáid agus oiliúint nó treoir a thairiscint do rannpháirtithe.
- ☐ Aon fhadhbanna teicniúla a réiteach a luaithe is féidir nuair a thosaíonn na cruinnithe.
- ☐ Ní mór na daoine den lucht freastail a bheith ábalta an Cathaoirleach agus aon duine a chuireann an Cathaoirleach i láthair a chloisteáil.
- ☐ Ní mór na daoine den lucht freastail a bheith ábalta labhairt agus ceisteanna nó barúlacha a chur isteach le linn an chruinnithe (de réir mar a cheadaítear le bunreacht na cuideachta).

---

[2] https://activeirl.ie/virtual-engage-research-findings-on-ageing-and-digital-technology/ https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/02660830.2023.2298388?src=#abstract

[3] https://agefriendlyireland.ie/initiative/age-friendly-digital-skills-programme/

[4] https://www.ageaction.ie/get-help/programmes/?gad_source=1&gad_campaignid=22090378006&gclid=Cj0KCQiAiqDJBhCXARIsABk2kSljTum8g8sKgf5pBOOWSKVhVuTsCXTlfWa7Q_t-x11-iXjIrfbCvA4aAmuQEALw_wcB

8. Conclúid

Leis na leasuithe sin a rinneadh le déanaí ar Acht na gCuideachtaí, 2014, éascaítear cruinnithe ginearálta atá níos solúbtha agus feabhsaithe ag an teicneolaíocht. Mar sin féin, braitheann comhlíonadh ar phleanáil stuama, ar chumarsáid shoiléir, agus ar thiomantas láidir do rannpháirtíocht chóir ionchuimsitheach. Beidh cuideachtaí a ghlacann leis na prionsabail sin i riocht níos fearr chun rialachas, trédhearcacht agus rannpháirtíocht na gcomhaltaí a neartú.

Stádas an Doiciméid Seo

Ní comhairle dhlíthiúil é an doiciméad seo agus ní ceart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é. Ina ionad sin, is é atá ann ná treoir ardleibhéil agus ba cheart go mbeadh sé úsáideach sna himthosca dá dtagraítear thuas. Má táthar in aon amhras faoi sheoladh nó bainistíocht theicniúil cruinnithe ginearálta, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil.

AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH
7 AIBREÁN 2026